Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Iúil 2024**
**(OR. en)**

**11772/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0411(COD)**

**EF 233**
**ECOFIN 808**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Meitheamh 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 248 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le tarmligean na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh arna tabhairt don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le drochúsáid mhargaidh (an rialachán maidir le drochúsáid mhargaidh) agus lena leasaítear Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2003/124/CE, 2003/125/CE agus 2004/72/CE ón gCoimisiún |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 248 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 248 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.6.2024
COM(2024) 248 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le tarmligean na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh arna tabhairt don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le drochúsáid mhargaidh (an rialachán maidir le drochúsáid mhargaidh) agus lena leasaítear Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2003/124/CE, 2003/125/CE agus 2004/72/CE ón gCoimisiún**

## 1. Réamhrá

Glacadh Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] an 16 Aibreán 2014. Leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ina dhiaidh sin le Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], Rialachán (AE) Uimh. 2016/1033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], Rialachán (AE) Uimh. 2019/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] agus Rialachán (AE) Uimh. 2023/2869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5].

Chun sláine na margaí airgeadais san Aontas a áirithiú agus chun cosaint infheisteoirí agus muinín sna margaí sin a fheabhsú, bunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 comhchreat rialála maidir le déileáil chos istigh, nochtadh neamhdhleathach faisnéise ón taobh istigh, agus cúbláil mhargaidh (drochúsáid mhargaidh), agus leagtar síos ann bearta chun drochúsáid mhargaidh den sórt sin a chosc.

Le hAirteagal 35 de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 leagtar síos na coinníollacha faoina dtugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh. Le hAirteagal 35(2) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (arna leasú le Rialachán (AE) 2019/2115) sonraítear go dtugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ar feadh tréimhse thosaigh 5 bliana ón 31 Nollaig 2019, agus sonraítear ann na coinníollacha maidir le síneadh a chur leis an gcumhacht sin freisin. Rachaidh an tréimhse thosaigh 5 bliana in éag an 31 Nollaig 2024. Ag deireadh na tréimhse sin, ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a ullmhú. Is é is aidhm don tuarascáil seo an ceanglas sin a chomhlíonadh.

## 2. Bunús dlí

De bhun Airteagal 35(2) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a ullmhú maidir le tarmligean na cumhachta, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana.

Foráiltear in Airteagal 35(2) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 go ndéanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le drochúsáid mhargaidh (an Rialachán maidir le drochúsáid mhargaidh) agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoracha 2003/124/CE, 2003/125/CE agus 2004/72/CE ón gCoimisiún (IO L 173, 12.6.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/596/oj).

[2] Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoracha 2008/48/CE agus 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (IO L 171, 29.6.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1011/oj).

[3] Rialachán (AE) 2016/1033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meitheamh 2016 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais, Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 maidir le drochúsáid mhargaidh agus Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús (IO L 175, 30.6.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1033/oj).

[4] Rialachán (AE) 2019/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 lena leasaítear Treoir 2014/65/AE agus Rialacháin (AE) Uimh. 596/2014 agus (AE) 2017/1129 a mhéid a bhaineann le húsáid margaí fáis FBManna a chur chun cinn (IO L 320, 11.12.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/2115/oj).

[5] Rialachán (AE) 2023/2869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 lena leasaítear Rialacháin áirithe a mhéid a bhaineann le bunú agus feidhmiú an phointe rochtana aonair Eorpaigh (IO L, 2023/2869, 20.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2869/oj).

Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

## 3. An tarmligean a fheidhmiú

### 3.1. Gníomhartha tarmligthe a glacadh

Ghlac an Coimisiún na gníomhartha tarmligthe seo a leanas.

| **Gníomhartha Tarmligthe** | **Cumhachtuithe** |
|---|---|
| Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/522 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2015[6]. | Airteagal 6(5), Airteagal 12(5), Airteagal 17(2), Airteagal 17(3), Airteagal 19(13), Airteagal 19(14) |
| Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/461 ón gCoimisiún[7] | Airteagal 6(5) |

Glacadh na gníomhartha tarmligthe sin faoin gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, ar cumhacht í a thugtar don Choimisiún faoi Airteagal 35(2) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014, a deonaíodh ar feadh tréimhse neamhchinntithe ón 2 Iúil 2014. Le Rialachán (AE) Uimh. 2019/2115 leasaíodh Airteagal 35(2) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 agus cuireadh teorainn 5 bliana leis an gcumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ón 31 Nollaig 2019. Déantar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe ar feadh tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

Ar na cúiseanna a leagtar amach i Roinn 3.2, níor bhain an Coimisiún úsáid go fóill as an gcumhachtú a leagtar síos in Airteagal 35(2) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 a mhéid a bhaineann le hAirteagal 6(6) agus Airteagal 38 de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014. I gcomhréir le hAirteagal 35(2) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a dhréachtú maidir le tarmligean na cumhachta, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, i.e. roimh an 31 Márta 2024.

### 3.2. An gá le síneadh a chur leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh

Mar a shonraítear i Roinn 3.1., níor bhain an Coimisiún úsáid as an gcumhachtú a mhéid a bhaineann le hAirteagal 6(6) agus Airteagal 38 de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 go fóill.

[6] Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/522 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine le haghaidh comhlachtaí poiblí agus bainc cheannais tríú tíortha áirithe, táscairí cúblála margaidh, na tairseacha nochta, an t- údarás inniúil le haghaidh fógraí faoi mhoilleanna, an cead trádála le linn tréimhsí dúnta agus cineálacha idirbheart bainisteoirí infhógartha (IO L 88, 5.4.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2016/522/oj).

[7] Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/461 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2019 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/522 a mhéid a bhaineann le Banc Shasana agus an Oifig um Bainistiú Fiachais sa Ríocht Aontaithe a dhíolmhú ó raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (IO L 80, 22.3.2019, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/461/oj).

Níor glacadh na gníomhartha tarmligthe seo a leanas:

| **Gníomhartha Tarmligthe** | **Cumhachtuithe** |
|---|---|
| An díolúine a leagtar amach in Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 a leathnú chuig comhlachtaí poiblí ainmnithe áirithe de chuid tríú tíortha atá tar éis comhaontú leis an Aontas a thabhairt i gcrích de bhun Airteagal 25 de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8]. | Airteagal 6(6) |
| Na tairseacha a leagtar síos in Airteagal 19(1a), pointí (a) agus (b), de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 a choigeartú | Airteagal 38, an ceathrú mír. |

Bhí moill ar ghlacadh na ngníomhartha tarmligthe a liostaítear thuas agus is iad seo a leanas na cúiseanna a bhí leis sin:

- Maidir leis an gcumhachtú a leagtar síos in Airteagal 6(6) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014, baineann sé leis na comhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 25(1) de Threoir 2003/87/CE atá le tabhairt i gcrích leis na tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn B a ghabhann le Prótacal Kyoto. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas comhaontuithe den sórt sin a thabhairt i gcrích ar dtús ionas go bhféadfaidh an Coimisiún an cumhachtú sin a úsáid. Faoi láthair, tá comhaontú den sórt sin tugtha i gcrích ag an Aontas le Cónaidhm na hEilvéise[9]. Síníodh an comhaontú sin an 23 Samhain 2017 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2020. Níor síníodh comhaontuithe eile le tríú tíortha eile. Go dtí seo, ní raibh an deis ag an gCoimisiún úsáid a bhaint as an gcumhachtú a leagtar síos in Airteagal 6(6) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014, ós rud é go bhfuil Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 fós lasmuigh de raon feidhme an chomhaontaithe um nascadh leis an Eilvéis. Mar sin féin, measann seirbhísí an Choimisiúin go bhfuil sé ríthábhachtach síneadh a chur leis an gcumhachtú a leagtar síos in Airteagal 6(6) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014. Tá údar leis sin toisc go bhféadfaí a cheangal i gcomhaontuithe le tríú tíortha amach anseo, ar comhaontuithe iad dá dtagraítear in Airteagal 25(1) de Threoir 2003/87/CE, go n-úsáidfí an cumhachtú dá leagfaí síos leis na comhaontuithe go mbeadh feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 maidir le húdaráis náisiúnta tríú tíortha.

- Leis an gcumhachtú a leagtar síos in Airteagal 38, an ceathrú mír, de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014, tugtar de chumhacht don Choimisiún coigeartú a dhéanamh ar na tairseacha dá dtagraítear in Airteagal 19(1a), pointí (a) agus (b), den Rialachán sin. Rinne an Coimisiún breithniú ar an gcomhairle theicniúil a fuarthas ón Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) an 23 Meán Fómhair 2020[10], lena n-áirítear torthaí an chomhairliúcháin phoiblí a rinne ESMA, ar comhairliúchán é inar mheas ESMA agus freagróirí an chomhairliúcháin go bhfuil na tairseacha sin fós iomchuí. Ar bhonn na comhairle teicniúla sin, measann an Coimisiún nach gá iad a choigeartú ag an gcéim seo. Mar sin féin, ós rud é nach féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh sé gur ghá na

[8] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamháltas i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/oj).

[9] An Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh; IO L 322, 7.12.2017, lgh. 3–26.

[10] Tuarascáil ar Athbhreithniú MAR (ESMA70-156-2391).

tairseacha sin a choigeartú amach anseo, ba cheart síneadh a chur leis an gcumhachtú don Choimisiún an coigeartú sin a dhéanamh.

Measann an Coimisiún go bhfuil sé tábhachtach go gcoinneofar na cumhachtuithe tar éis na tréimhse tosaigh 5 bliana, is iad sin na cumhachtuithe dá bhforáiltear in Airteagal 6(5) agus (6), Airteagal 12(5), an tríú fomhír d'Airteagal 17(2), Airteagal 17(3), Airteagal 19(13) agus (14), agus Airteagal 38 de Rialachán (AE) 596/2014. Sin é an fáth, mar chuid den togra reachtach maidir leis an nGníomh um Liostú, ar mhol an Coimisiún do na comhreachtóirí cumhachtaí breise a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi Rialachán (AE) 596/2014 agus chun na sainorduithe atá ann cheana a choinneáil ar bun. Tugann an Coimisiún dá aire, sa téacs comhréitigh críochnaitheach a ghabhann leis an rialachán maidir leis an nGníomh um Liostú[11], gur chomhaontaigh na comhreachtóirí tarmligean na gcumhachtaí a athnuachan go ceann tréimhse bhreise 5 bliana chun na gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, ar gníomhartha tarmligthe iad dá dtagraítear in Airteagal 6(5) agus (6), Airteagal 12(5), an tríú fomhír d'Airteagal 17(2), Airteagal 17(3), Airteagal 19(13) agus (14), agus Airteagal 38 de Rialachán (AE) 596/2014. Ina theannta sin, chomhaontaigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoin dara fomhír d'Airteagal 17(1) agus faoi Airteagal 25a(5), (5a) agus (6) don tréimhse chéanna ama. Ní mór don Choimisiún tuarascáil nua a tharraingt suas roimh dheireadh na tréimhse sin. Ghlac Parlaimint na hEorpa an Gníomh um Liostú i seisiún iomlánach an 24 Aibreán 2024, ar gníomh é atá faoi réir nós imeachta ar a dtugtar an 'nós imeachta ceartúcháin' agus foilseofar é san Iris Oifigiúil níos déanaí i mbliana.

## 4. Conclúid

I bhfianaise an mhínithe a thugtar i Roinn 3, measann an Coimisiún gur léir gur gá síneadh a chur leis na cumhachtuithe dá bhforáiltear in Airteagal 6(5) agus (6), Airteagal 12(5), an tríú fomhír d'Airteagal 17(2), Airteagal 17(3), Airteagal 19(13) agus (14), agus Airteagal 38 de Rialachán (AE) 596/2014, mar a mhol an Coimisiún mar chuid den togra le haghaidh Gníomh um Liostú, go ceann tréimhse bhreise 5 bliana.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.

[11] Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1129, Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 agus Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 chun margaí caipitil san Aontas a dhéanamh níos tarraingtí do chuideachtaí agus chun rochtain ar chaipiteal a éascú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide - Dearbhú an téacs comhréitigh chríochnaithigh d'fhonn teacht ar chomhaontú (2022/0411 (COD)).